Oifig an
Office of the

Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí
Director of Public Prosecutions

Ag eisiúint mo chuid taifead comhairleoireachta

© Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí
(Bealtaine 2018)

Eolas faoin leabhrán seo

Míníonn an leabhrán seo ar bhealach sothuigthe cad é a chaithfidh a bheith ar eolas agat má iarrtar ort do thoiliú a thabhart d´úsáid do chuid taifead comhairleoireachta i dtriail choiriúil.

Ní phléann an leabhrán le gach suíomh a d´fhéadfadh a bheith i gceist, ach déantar iarracht ann freagra a thabhairt ar na ceisteanna is minice a chuireann íobartaigh.

Baineann an fhaisnéis sa leabhrán le taifid chomhairleoireachta amháin. Ní bhaineann sí le taifid leighis, le taifid shíciatracha ná le taifid oibrithe sóisialta.

1. Cén fáth a bhfuil mo chuid taifead comhairleoireachta ag teastáil ón gcúirt?

Tá sé an-tábhachtach go mbeadh gach rud ar eolas ag an gcúirt a d´fhéadfadh dul i bhfeidhm ar thoradh na trialach coiriúla. Má tá faisnéis le fáil i do chuid taifead comhairleoireachta a bhaineann le hábhar don chás, caithfidh an chúirt a bheith ar an eolas faoi sin.

2. Conas a tharlóidh sin?

Is féidir leis an ionchúiseamh agus leis an gcosaint araon do chuid taifead comhairleoireachta a iarraidh. Nuair a tharlaíonn sin cuirfear ceist ort má thugann tú toiliú d´eisiúint do chuid taifead.

3. An bhfuil dualgas orm mo thoiliú a thabhairt?

Níl. Níl dualgas ort do thoiliú a thabhairt d´eisiúint do chuid taifead. Más rud é go dtugann tú do thoiliú, is féidir leat é a tharraingt siar ag aon am. Mura dtugann tú do thoiliú, áfach, nó má tharraingíonn tú siar do thoiliú, ansin beidh ar bhreitheamh na trialach cinneadh a dhéanamh ar chóir do chuid taifead a eisiúint gan do thoiliú.

4. Cad é a tharlaíonn má thugaim mo thoiliú?

Nuair a thugann tú do thoiliú tarlaíonn an méid seo a leanas.

- Ceadaítear duit do chuid taifead comhairleoireachta a fheiceáil sula n-eisítear iad.
- Is féidir leat duine a roghnaíonn tú féin a thabhairt in éineacht leat nuair a théann tú le do chuid taifead a fheiceáil.
- Tugtar do chuid taifead don aturnae ionchúisimh ar dtús. Scrúdaíonn an t-aturnae ionchúisimh do chuid taifead chun aon fhaisnéis a aimsiú a bhaineann le hábhar don triail.
- Más ann d´fhaisnéis i do chuid taifead nach mbaineann le hábhar don triail, scriosfaidh an t-aturnae ionchúisimh é sula n-eisítear do chuid taifead don chosaint. Cabhraíonn sin le do chuid príobháideachais a chosaint.
- Mura mbaineann aon rud i do chuid taifead le hábhar don triail, ní eisítear do chuid taifead.

5. Cé a fheicfidh mo chuid taifead?

Tá rialacha an-diana i bhfeidhm maidir le cé ar féidir leis nó léi do chuid taifead a fheiceáil.

- Gheobhaidh na **dlíodóirí ionchúisimh** cóip de do chuid taifead comhairleoireachta. Is é atá i ndlíodóir ionchúisimh ná aturnae nó abhcóide a bhíonn ag obair don DPP. Scriosfaidh an dlíodóir aon rud i do chuid taifead nach mbaineann le

hábhar don triail sula dtugtar cóip don chosaint. Is é atá i gceist leis an gcosaint ná aturnae agus abhcóide/abhcóidí a bhíonn ag gníomhú don chúisí.

- Faigheann an **t-aturnae cosanta** cóip de do chuid taifead ón aturnae ionchúisimh. Is féidir leis an gcosaint an fhaisnéis a fheiceáil a bhaineann le hábhar don triail – scriostar an fhaisnéis eile ar fad. Is féidir leis an gcosaint cóip a dhéanamh de na taifid seo le gur féidir lena n-aturnae agus lena n-abhcóide/abhcóidí amháin iad a úsáid.
- Ceadaítear don **chúisí** freisin an fhaisnéis a fheiceáil atá i do chuid taifead a bhaineann le hábhar don triail, ach ní cheadaítear sin ach amháin má tá a n-aturnae nó a n-abhcóide ina gcuideachta. Ní cheadaítear don chúisí cóip de do chuid taifead a thabhairt leo.

6. Conas is féidir liom bheith cinnte nach bhfeicfear mo chuid taifead ag aon duine eile?

Tá ceangal ar an dlíodóir ionchúisimh caitheamh leis an bhfaisnéis ar fad atá le fáil i gcomhaid ionchúisimh go huile is go hiomlán faoi rún. Tá do chuid taifead comhairleoireachta san áireamh sa mhéid sin. Coimeádfaidh an dlíodóir ionchúisimh do chuid taifead in áit shábhailte, agus déanfaidh sé

nó sí cinnte nach bhfeictear iad ag aon duine nach bhfuil ceart dlíthiúil acu chun iad a fheiceáil (féach an liosta ag C.5)

Sula n-eisítear do chuid taifead, ní mór don chosaint doiciméad a shíniú, ag rá go gcloífidh siad le rialacha diana agus iad ag láimhseáil do chuid taifead agus go gcaithfidh siad leo go huile is go hiomlán faoi rún. Caithfidh siad aontú freisin go gcloífidh siad le haon choinníollacha eile ar féidir go leagfadh an chúirt síos iad ar mhaithe le do cheart ar phríobháideachas a chosaint agus ar mhaith le ceartas.

7. Cad é a tharlaíonn mura dtugaim mo thoiliú nó má tharraingím siar mo thoiliú?

Nuair nach dtugann tú do thoiliú, nó má tharraingíonn tú siar do thoiliú, tarlaíonn an méid seo a leanas.

- Eagrófar éisteacht chúirte. Scrúdóidh an breitheamh do chuid taifead agus déanfaidh sé nó sí cinneadh má bhaineann cuid ar bith den fhaisnéis i do chuid nótaí comhairleoireachta le hábhar don triail.
- Is féidir leat do chuid taifead comhairleoireachta a fheiceáil roimh an éisteacht chúirte más mian leat. Is féidir leat duine a roghnaíonn tú féin a thabhairt leat nuair a dhéanann tú sin.

- Tá tú i dteideal aturnae agus/nó abhcóide/ abhcóidí a fháil, saor in aisce, chun ionadaíocht a dhéanamh ort ag an éisteacht chúirte.

8. Cad é a tharlóidh ag an éisteacht chúirte?

D´fhéadfadh ceann de dhá thoradh a bheith ar an éisteacht chúirte:

- Déanfaidh an breitheamh cinneadh nach mbaineann aon rud i do chuid taifead comhairleoireachta le hábhar don triail. Má tharlaíonn sin ní eiseofar do chuid taifead.

  nó

- Déanfaidh an breitheamh cinneadh más ann d´fhaisnéis i do chuid taifead a bhaineann le hábhar don triail agus ar gá í a eisiúint. Má tharlaíonn sin déarfaidh an breitheamh má tá an fhaisnéis ar fad le heisiúint nó díreach codanna áirithe di. Is féidir go gcuirfidh an breitheamh coinníollacha i bhfeidhm freisin chun rochtain ar an bhfaisnéis a shrianú nuair a eisítear í. Déantar sin chun do chuid príobháideachais a chosaint. Ansin ordóidh an breitheamh eisiúint na faisnéise don ionchúiseamh agus don chosaint.

9. An n-éistfear leis an bhfaisnéis atá i mo chuid taifead ag an triail?

Éistfear. Más ann d´fhaisnéis i do chuid taifead a bhaineann le hábhar don chás is féidir í a thabhairt isteach mar fhianaise ag an triail. Is féidir go gcuirfidh an t-abhcóide ionchúisimh ceisteanna ort faoin bhfaisnéis i do chuid taifead. Nuair a bheidh deireadh déanta ag an ionchúiseamh i dtaca le ceisteanna a chur ort, is féidir go gcuirfidh an chosaint ceisteanna ort. Tugtar croscheistiú air seo.

10. Nuair a bheidh an triail thart cad é a tharlóidh do mo chuid taifead?

Nuair a bheidh an triail thart cuirfear **gach** cóip de do chuid taifead ar ais chuig an ionchúiseamh. Cuirfidh an dlíodóir ionchúisimh iad seo ar fad ar ais chuig an ngníomhaireacht chomhairleoireachta ar fhreastail tú uirthi.

De réir an dlí:

Is féidir leat tuilleadh a fháil amach faoi thaifid chomhairleoireachta agus faoin dlí i Roinn 39 den Acht um an Dlí Coiriúil (Cionta Gnéasacha) 2017. Is féidir leat cóip a fheiceáil den Acht seo ar shuíomh gréasáin Leabhar Reachtaíochta na hÉireann, www.irishstatutebook.ie.

Ag eisiúint mo chuid taifead comhairleoireachta